

EBA/GL/2024/09
ESMA75-453128700-10

04/12/2024

Treoirlínte Comhpháirteacha ÚBE agus ESMA maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí de chomhlacht bainistíochta na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha (ARTanna) agus na soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní (CASPanna)

A. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹ agus de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010². I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, ní mór d'údarás inniúla, do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh. Leagtar amach sna treoirlínte sin cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais agus maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm.
2. Ba cheart d'údarás inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1), pointe (35)(a), de Rialachán (AE) 2023/1114 a bhfuil feidhm ag treoirlínte maidir leo iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcleachtais de réir mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina ndírítear treoirlínte go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus ar institiúidí airgeadais.

Ceanglais tuairiscithe

3. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte seo ar shuíomh gréasáin ÚBE agus ESMA i dteangacha oifigiúla uile an AE, de réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus de Rialachán (AE) 1095/2010, ní mór d'údarás inniúla fógra a thabhairt do ÚBE nó do ESMA maidir le cé acu (i) an gcomhlíonann siad na treoirlínte, (ii) nach gcomhlíonann siad na treoirlínte, ach go bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach gcomhlíonann siad na treoirlínte sin agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh. I gcás neamhchomhlíonta, ní mór d'údarás inniúla fógra a thabhairt freisin do ESMA nó do ÚBE laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte seo ar shuíomhanna gréasáin ESMA agus ÚBE i dteangacha oifigiúla uile an AE maidir leis na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte seo a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíontachta a thuairisciú freisin do ÚBE nó do ESMA.
4. Ní cheanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ná ar institiúidí airgeadais a thuairisciú cé acu an gcomhlíonann siad na treoirlínte seo nó nach gcomhlíonann.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

² Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

5. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar shuíomh gréasáin ESMA, i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar

1. I gcomhréir le hAirteagal 21(3) agus Airteagal 63(11) de MiCA, baineann na treoirlínte comhpháirteacha sin leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí chomhlacht bainistíochta eisitheoirí ARTanna agus CASPanna.

Raon feidhme

2. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo tráth an údaraithe agus ar bhonn leanúnach maidir le húdaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1), pointe (35)(a) de MiCA, le heisitheoirí ARTanna agus CASPanna³, i gcomhréir le hAirteagal 34(2) agus Airteagal 68(1) de MiCA maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí chomhlacht bainistíochta
 - a. eisitheoir ARTanna is iarratasóir atá ag lorg údarú faoi Airteagal 18 de MiCA nó arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán sin (“eisitheoir ART” chun críocha na dTreoirlínte seo),
 - b. CASP is iarratasóir atá ag lorg údarú faoi Airteagal 62 de MiCA, nó CASP arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 63 den Rialachán sin (“CASP” chun críocha na dTreoirlínte seo), nó, le tagairt d’Airteagal 68(1) de MiCA, a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní mar chuid dá n-údarú i gcomhréir le míreanna (2), (4), (5) agus (6) d’Airteagal 60 de MiCA.
3. Tá an measúnú oiriúnachta bunaithe ar an gceanglas nach mór do chomhaltaí chomhlacht bainistíochta eisitheoirí ARTanna agus CASPanna na critéir a leagtar amach in Airteagal 34(2) agus Airteagal 68(1) faoi seach a chomhlíonadh, lena bhforáiltear go mbeidh dea-cháil leordhóthanach ar chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus go mbeidh siad in ann am leordhóthanach a ghealladh chun a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach chomh maith le measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an taithí is iomchuí ina n-aonar agus i dteannta a chéile ag comhaltaí den chomhlacht bainistíochta chun a ndualgais a chomhlíonadh. Is gá nach raibh comhaltaí chomhlacht bainistíochta eisitheoirí ARTanna agus CASPanna ciontaithe i gcionta a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ná in aon chionta eile a dhéanfadh dochar dá ndea-cháil. Áirítear ar chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta a bhfuil measúnú le déanamh orthu daoine a bheidh ina gcomhaltaí de chomhlacht bainistíochta eisitheora ARTanna nó CASP agus comhaltaí a bhfuil a bpost glactha acu cheana féin. I gcás ina bhfuil feidhm bhainistíochta agus

³ De réir Airteagal 60(10) de Rialachán (AE) 2023/1114, níl na heintitis a liostaítear in Airteagal 60, míreanna (1) go (6) faoi réir Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2023/1114, i measc nithe eile.

mhaoirseachta sa chomhlacht bainistíochta, tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le feidhmeanna agus comhaltaí an dá fheidhm araon⁴.)

Seolaithe

4. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údarais inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1), pointe (35)(a) de MiCA.
5. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar na nithe seo a leanas freisin:
 - a. eisitheoirí, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1), pointe (10) de MiCA, arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán sin,
 - b. eisitheoirí is iarratasóirí, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1), pointe (11) de MiCA, a dhéanann iarratas ar údarú faoi Airteagal 18 den Rialachán sin,
 - c. CASPanna, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1), pointe (15) de MiCA, arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 63 den Rialachán sin, nó – ag tagairt d’Airteagal 68(1) de MiCA – a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní mar chuid dá n-údarú i gcomhréir le míreanna (2), (4), (5) agus (6) d’Airteagal 60 de MiCA.
 - d. CASPanna is iarratasóirí a chuir iarratas isteach ar údarú i gcomhréir le hAirteagal 63 de MiCA.

Sainmhínithe

6. Na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear faoi MiCA agus faoi ‘Treoirlínte Comhpháirteacha ÚBE-ESMA maidir le measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus shealbhóirí príomhfheidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir 2014/65/AE’, tá an bhrí chéanna leo sna treoirlínte seo agus, ina theannta sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Grúpa	Ciallaíonn sé grúpa mar a leagtar amach é in Airteagal 2, pointe (11) de Threoir 2013/34/AE.
Comhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta	Ciallaíonn sé an comhlacht bainistíochta ag gníomhú dó ina ról maidir le heisitheoir ARTanna nó CASP a stiúradh go héifeachtach agus áirítear leis na daoine a stiúran a ghnó.
Comhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta	Ciallaíonn sé, i gcás ina bhfuil sé bunaithe, an comhlacht bainistíochta ag gníomhú dó ina ról maidir le maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht na bainistíochta.
Stiúrthóireacht	Ciallaíonn sé post mar chomhalta chomhlacht bainistíochta institiúide nó eintitis dhlíthiúil eile. I gcás ina bhfuil an comhlacht

⁴ In Airteagal 3(1), pointe 27 de Rialachán (AE) 2023/1114, sainmhínítear an comhlacht bainistíochta mar ‘comhlacht nó comhlachtaí eisitheora, tairgeora nó duine atá ag iarraidh dul isteach le hagahidh trádála, nó soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a bhfuil sé de chumhacht acu straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis a shocrú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta san eintiteas agus ina n-áirítear na daoine a stiúran gnó an eintitis go héifeachtach’.

	bainistíochta, ag brath ar fhoirm dhlíthiúil an eintitis, comhdhéanta de dhuine aonair, áirítear an post sin mar stiúirthóireacht freisin.
Comhalta	Ciallaíonn sé comhalta den chomhlacht bainistíochta atá molta nó ceaptha, lena n-áirítear gníomhú thar ceann daoine dlítheanacha ar comhalta den chomhlacht bainistíochta iad.
Oiriúnacht	Ciallaíonn sé, i gcomhthéacs comhalta den chomhlacht bainistíochta, go meastar go bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar dhuine aonair measúnaithe, lena n-áirítear macántacht agus ionracas, agus go bhfuil eolas, scileanna agus taithí iomchuí aige, ar bhonn aonair agus i dteannta comhaltaí eile, agus go bhfuil sé nó sí in ann, ar bhonn aonair, am leordhóthanach a ghealladh chun na dualgais a bhfuil an comhalta freagrach astu a chomhlíonadh.

B. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

7. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo ón 04/02/2025.

C. Treoirlínte Comhpháirteacha

C.1. Cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta

8. Is é is aidhm do phrionsabal na comhréireachta socruithe rialachais a mheaitseáil go comhsheasmhach le próifíl riosca aonair agus samhail ghnó eisitheoirí ARTanna agus CASPanna, agus an seasamh aonair laistigh den chomhlacht bainistíochta a ndéantar measúnú ina leith á chur san áireamh ionas go gcomhlíonfar go héifeachtach cuspóirí na gceanglas rialála, i.e. go bhfuil an comhalta oiriúnach maidir leis an bpost sonracha ina aonar agus oiriúnach le bheith mar chuid den chomhlacht comhbhainistíochta.
9. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna, CASPanna agus d'údaráis inniúla méid eisitheora ARTanna nó CASP, a eagrúchán inmheánach agus cineál, scála agus castacht na sócmhainní arna n-eisiúint agus na seirbhísí arna soláthar a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar eolas, taithí agus scileanna leordhóthanacha aonair agus comhchoiteanna chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus go bhfuil comhaltaí aonair in ann am leordhóthanach a ghealladh chun a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach i gcomhthráth le gealltanais éigeantacha ama eile atá acu.
10. Ba cheart go mbeadh beartais oiriúnachta agus próisis mheasúnaithe níos sofaisticiúla ag eisitheoirí ARTanna suntasacha i gcomparáid le heisitheoirí ARTanna neamhshuntasacha. Is amhlaidh atá i gcás CASPanna, i bhfianaise a méide agus aicme na seirbhísí criptea-shócmhainní a sholáthraítear i gcomhréir le hlarscríbhinn IV a ghabhann le MiCA.

11. Ba cheart go mbeadh dea-cháil leordhóthanach ar gach comhalta de chomhlacht bainistíochta eisitheoirí ARTanna agus CASPanna agus ba cheart go mbeadh macántacht agus ionracas acu beag beann ar mhéid an ghnólachta, ar a eagrúchán inmheánach agus ar chineál, raon feidhme agus castacht a ghníomhaíochtaí, agus ar dhualgais agus freagrachtaí an phoist shonraigh.
12. Chun prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht na gcomhaltaí maidir leis na critéir eolais agus taithí chomh maith le cumas na gcomhaltaí am leordhóthanach a ghealladh, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna, CASPanna agus d'údaráis inniúla na critéir seo a leanas a chur san áireamh:
 - a. méid eisitheora ARTanna nó CASP maidir le hiomlán an chláir chomhardaithe,
 - b. foirm dhlíthiúil an eisitheora ARTanna nó CASP agus cé acu an bhfuil sé liostaithe nó nach bhfuil
 - c. an bhfuil eisitheoir ARTanna nó CASP mar chuid de ghrúpa, agus má tá, an measúnú comhréireachta don ghrúpa,
 - d. cineál agus castacht na ngníomhaíochtaí gnó uile,
 - e. cé acu an gcuirtear gníomhaíochtaí trasteorann ar fáil agus méid na n-oibríochtaí i ngach dlínse,
 - f. i gcás eisitheora ARTanna, na critéir bhreise seo a leanas:
 - i. méid agus líon na ARTanna arna n-eisiúint,
 - ii. méid an chúlchiste sócmhainní atá i seilbh eisitheoirí ARTanna,
 - iii. cineál agus castacht na sócmhainní dá dtagraítear comhartha,
 - iv. castacht na n-ionstraimí ina n-infheistítear an cúlchiste sócmhainní.
 - g. I gcás CASP, na critéir bhreise seo a leanas:
 - i. cineál agus méid na seirbhísí a sholáthraítear agus a gcriticiúlacht maidir le feidhmiú margaí i gcriptea-shócmhainní,
 - ii. an cineál cliant.

C.2. Coincheapa oiriúnachta faoi Airteagal 34(2) agus Airteagal 68(1) de MiCA

C.2.1 Dea-cháil leordhóthanach

13. Agus measúnú á dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil dea-cháil ar chomhaltaí chomhlacht bainistíochta eisitheora ARTanna nó CASP, ba cheart a chumhdach sa mheasúnú, i gcomhréir le

hAirteagal 18(5)(a) agus Airteagal 62(3)(a) de MiCA, easpa taifid choiriúil i leith ciontuithe agus easpa pionós arna bhforchur faoin dlí tráchtála is infheidhme, faoin dlí dócmhainneachta is infheidhme agus faoin dlí seirbhísí airgeadais is infheidhme nó i ndáil leis an reachtaíocht maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, calaois nó dliteanas gairmiúil. Ina theannta sin, ba cheart a chumhdach sa mheasúnú aon fhíoras eile is eol a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an measúnú nach bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar an gcomhalta mar a shonraítear sa chuid seo. Tá feidhm ag na ceanglais sin ar bhonn leanúnach i gcomhréir le hAirteagal 34(2) agus Airteagal 68(1) de MiCA.

14. Níor cheart comhaltaí den chomhlacht bainistíochta a bheith faoi réir smachtbhannaí, trádhbhaic ná bearta a bhaineann le sceimhlitheoireacht, maoiniú sceimhlitheoireachta nó leathadh arna gcinneadh ag Ballstát, ag an Aontas nó ag eagraíocht idirnáisiúnta, e.g. na Náisiúin Aontaithe. I gcás ina gcuirtear comhalta den chomhlacht bainistíochta leis an liosta sin de smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe, ba cheart toirmeasc a chur ar an gcomhalta sin a fheidhm a chomhlíonadh agus é nó í a bhaint den chomhlacht bainistíochta.
15. Ba cheart an measúnú ar chritéir maidir le dea-cháil chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta eisitheora ARTanna nó CASP a dhéanamh ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear sna Rialacháin Tharmligthe ón gCoimisiún a glacadh de bhun Airteagal 18(6) de MiCA i gcás eisitheora ARTanna agus Airteagal 62(5) den Rialachán sin i gcás CASPanna.

C.2.2 Eolas, scileanna agus taithí iomchuí aonair

16. Ba cheart go mbeadh tuiscint atá cothrom le dáta ag comhaltaí den chomhlacht bainistíochta ar ghníomhaíochtaí gnó an eisitheora ARTanna nó an CASP agus ar na rioscaí go léir a bhaineann leo, ar leibhéal atá i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí. Áirítear leis sin tuiscint iomchuí ar na réimsí sin nach bhfuil freagracht dhíreach ar chomhalta aonair astu ach atá cuntasach i dteannta a chéile in éineacht le comhaltaí eile den chomhlacht bainistíochta.
17. Ba cheart go mbeadh tuiscint shoiléir ag comhaltaí den chomhlacht bainistíochta ar eisitheoir ARTanna nó ar shocruithe rialachais CASP, ar a ról agus a bhfreagrachtaí faoi seach agus, i gcás inarb infheidhme, ar struchtúr an ghrúpa.
18. Ba cheart do chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta tuiscint a fháil ar na coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann idir eisitheoir ART nó an CASP agus aon cheann dá gheallsealbhoirí.
19. Ba cheart go mbeadh comhaltaí den chomhlacht bainistíochta in ann rannchuidiú le cultúr corparáideach agus riosca iomchuí, luachanna corparáideacha agus iompraíocht laistigh den chomhlacht bainistíochta a chur chun feidhme chun an gnó a dhéanamh ar bhealach inniúil agus freagrach.
20. Ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh sa mheasúnú ar eolas, scileanna agus taithí iomchuí:
 - a. ról agus dualgais an phoist agus na cumais riachtanacha;

- b. an t-eolas agus na scileanna a ghnóthaítear trí oideachas, oiliúint agus cleachtas;
 - c. an taithí phraiticiúil agus ghairmiúil a fuarthas i bpoist roimhe seo agus i stiúrthóireachtaí reatha eile; agus
 - d. an t-eolas, na scileanna agus an taithí a fuarthas agus a léiríodh trí iompar gairmiúil an chomhalta.
21. Ba cheart leibhéal agus próifíl oideachas an chomhalta a mheas agus cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann sé leis an earnáil airgeadais, lena n-áirítear margaí criptea-shócmhainní, nó réimsí ábhartha eile. Go sonrach, is féidir a mheas go ginearálta go bhfuil oideachas i réimsí an airgeadais, lena n-áirítear criptea-shócmhainní, eacnamaíocht, dlí, cuntasaíocht, iniúchóireacht, riarachán, rialáil airgeadais, teicneolaíocht faisnéise, agus modhanna cainníochtúla, ábhartha d'eintitis airgeadais, lena n-áirítear eisisitheoirí ARTanna agus CASPanna.
22. Níor cheart go mbeadh an measúnú teoranta do leibhéal oideachais an chomhalta ná do chruthúnas ar thréimhse áirithe seirbhíse in eintiteas airgeadais, in eisisitheoir ARTanna nó CASP nó i ngnólachtaí eile i réimsí a bhaineann le margaí criptea-shócmhainní agus i margaí airgeadais eile. Ba cheart anailís níos críochnúla a dhéanamh ar thaithí phraiticiúil an chomhalta maidir le gníomhaíochtaí an eisisitheora ARTanna nó CASP, toisc go mbraitheann an t-eolas a fuarthas ó ghairmeacha roimhe sin ar chineál, ar scála agus ar chastacht an ghnó chomh maith leis an bhfeidhm a chomhlíon an comhalta ann.
23. Chun measúnú ceart a dhéanamh ar scileanna chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta, ba cheart d'eisisitheoirí ARTanna agus CASPanna breithniú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as an liosta neamh-uileghabhálach de scileanna ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoirlínte Comhpháirteacha ÚBE agus ESMA maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus shealbhóirí príomhfheidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir 2014/65/AE, agus ról agus dualgais an phoist atá ag comhalta den chomhlacht bainistíochta á gcur san áireamh.
24. Agus measúnú á dhéanamh ar eolas agus taithí leordhóthanach comhalta, ba cheart machnamh a dhéanamh ar thaithí teoriciúil agus phraiticiúil a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
- a. rialáil na margaí airgeadais, go háirithe maidir le hionstraimí airgeadais, mar a shainmhínítear é in Airteagal 4(1), pointe (15) de Threoir 2014/65/AE agus ionstraimí airgeadais DLT mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(1)(11) de Rialachán (AE) 2022/858;
 - b. criptea-shócmhainní, lena n-áirítear comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid;
 - c. an tuiscint ábhartha ar chineál éagsúil na gcineálacha éagsúla criptea-shócmhainní;
 - d. prionsabail agus nósanna imeachta bainistíochta riosca;

- e. bainistiú rioscaí leachtachta, rioscaí margaidh agus creidmheasa i ndáil le gníomhaíochtaí gnó eisitheora ARTanna nó CASP;
 - f. ceanglais faoi Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais⁵;
 - g. ceanglais maidir le húsáid soláthraithe tríú páirtí, lena n-áirítear socruithe seachfhoinsithe agus bainistiú soláthraithe tríú páirtí;
 - h. cuntasáíocht agus iniúchóireacht;
 - i. oibleagáidí maidir le frithsciúradh airgid agus frithmhaoiniú sceimhlitheoireachta;
 - j. ceanglais cosanta sonraí;
 - k. an cumas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht socruithe eisitheora ARTanna nó CASPanna lena n-áiríthítear rialachas éifeachtach, maoirseacht éifeachtach agus rialuithe inmheánacha éifeachtacha;
 - l. léirmhíniú na faisnéise airgeadais agus sainathint na bpríomh-shaincheisteanna bunaithe ar an bhfaisnéis sin;
 - m. eolas bainistíochta, lena n-áirítear pleanáil straitéiseach, tuiscint ar straitéis ghnó nó plean gnó institiúide agus é sin a bhaint amach;
 - n. an cumas a dtuairimí a chur i láthair, straitéisí agus cuspóirí gnó a phlé; agus
 - o. i gcás ina bhfuil post an chomhalta laistigh d'eisitheoir ARTanna, na ceanglais dhlíthiúla ábhartha maidir le ARTanna a eisiúint.
25. Maidir le pointe i. thuas, gan dochar do thrasú náisiúnta Threoir 2015/849/AE, an comhalta de chomhlacht bainistíochta CASPanna a shainathnítear a bheith freagrach as cur chun feidhme na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin is gá chun Treoir (AE) 2015/849/AE a chomhlíonadh, ba cheart go mbeadh eolas maith, scileanna maithe agus taithí ábhartha acu maidir le sainathint agus measúnú riosca ML/TF, agus maidir le beartais, rialuithe agus nósanna imeachta AML/CFT. Ba cheart go mbeadh tuiscint mhaith ag an duine sin ar a mhéid atá samhail ghnó na hinstiúide neamhchosanta ar rioscaí ML/TF.
26. Agus measúnú á dhéanamh ar an taithí phraiticiúil agus ghairmiúil a fuarthas ó phoist roimhe seo, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:
- a. cineál an phoist a shealbhaítear agus a leibhéal ordlathach;

⁵ IO L 333, 27.12.2022, lgh. 1–79

- b. fad na seirbhíse laistigh de phost;
- c. líon na bhfo-oibrithe;
- d. cineál agus castacht an ghnólachta ina raibh an post, lena n-áirítear a struchtúr eagraíochtúil;
- e. raon feidhme inniúlachtaí, cumhachtaí cinnteoireachta agus freagrachtaí an chomhalta;
- f. an t-eolas teicniúil a fuarthas tríd an bpost;
- g. eolas breise a fuarthas ó ghníomhaíochtaí acadúla.

27. I gcás inarb infheidhme, ba cheart go mbeadh comhaltaí den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta in ann agóid a dhéanamh in aghaidh chinntí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta agus in aghaidh chinntí bainistíochta ábhartha eile i gcás inar gá agus maoirseacht agus faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chinnteoireacht an lucht bainistíochta.

C.2.3 Eolas, scileanna agus taithí comhchoiteann iomchuí

28. Ba cheart a áirithiú le comhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an taithí iomchuí aige i dteannta a chéile atá riachtanach chun gníomhaíochtaí gnó uile eisitheora ARTanna nó CASP a dhéanamh agus chun a fhreagrachtaí uile a chomhlíonadh. Áirítear leis sin go bhfuil tuiscint iomchuí ag an gcomhlacht bainistíochta i dteannta a chéile ar réimsí gnó agus ar ghníomhaíochtaí uile an eisitheora ARTanna nó CASP. Ba cheart go mbeadh eolas, scileanna agus taithí iomchuí ag an gcomhlacht bainistíochta, ina iomláine, maidir leis na gnéithe a liostaítear faoi chuid C.2.2 agus ina theannta sin maidir leis an méid seo a leanas:

- a. Bainistiú éifeachtach, fóna agus stuama an eisitheora ARTanna nó CASPanna, lena n-áirítear:
 - i. bainistiú leanúnachais gnó,
 - ii. leas a chliaint agus sláine an mhargaidh a bhreithniú go leordhóthanach,⁶
 - iii. bainistiú na bpríomhrioscaí a bhaineann le criptea-shócmhainní a chruthú, a úsáid agus a bhainistiú, bainistiú rioscaí oibríochtúla, lena n-áirítear cibear-ríosca,
 - iv. bearta braite agus coiscthe calaoise a chur chun feidhme,

⁶ Féach RTS maidir le coinbhleacht leasa

- v. tosca ESG agus rioscaí ESG, go háirithe maidir leis an sásra comhthola,
- b. an timpeallacht dhlíthiúil agus rialála,
- c. an dlí conarthach,
- d. cosaint tomhaltóirí,
- e. teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus slándáil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, na sásraí comhthola a chuirtear i bhfeidhm,
- f. mórleabhar dáilte nó teicneolaíochtaí comhchosúla atá ábhartha dá ngníomhaíochtaí gnó,
- g. cuntasáíocht agus tuairisciú airgeadais,
- h. gníomhaíochtaí na bhfeidhmeanna nó na nósanna imeachta bainistithe riosca, comhlíonta agus iniúchóireachta inmheánaí, lena n-áirítear na feidhmeanna nó na nósanna imeachta sin a chur ar bun,
- i. margáí airgeadais áitiúla agus trasteorann ábhartha, lena n-áirítear ardáin trádála ábhartha,
- j. scileanna agus taithí bhainistíochta,
- k. an cumas pleanáil straitéiseach a dhéanamh,
- l. bainistiú grúpaí agus rioscaí a bhaineann le struchtúir ghrúpa, i gcás inar máthairchuideachta den ghrúpa é eisitheoir ARTanna nó CASP.

C.2.4 Gealltanais leordhóthanach ama chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta

- 29. Ba cheart go mbeadh comhaltaí den chomhlacht bainistíochta eisitheoirí ARTanna, i gcomhréir le hAirteagal 34(2) de MiCA, nó comhaltaí de chomhlacht bainistíochta CASP, i gcomhréir le hAirteagal 68(1) den Rialachán sin, in ann am leordhóthanach a ghealladh chun a gcuid feidhmeanna agus freagrachtaí a chomhlíonadh. Áirítear leis sin go bhfuil siad in am leordhóthanach a ghealladh i bhfianaise oibleagáidí eile a d'fhéadfadh a bheith acu.
- 30. Ba cheart go mbeadh comhaltaí in ann freisin a ndualgais a chomhlíonadh i dtréimhsí ina bhfuil gníomhaíochtaí méadaithe go háirithe, nó mar thoradh ar mhórdheacracht éigin le ceann amháin nó níos mó dá n-oibríochtaí, agus á chur san áireamh go bhféadfadh sé go mbeadh gá le linn tréimhsí den sórt sin le gealltanais ama atá níos airde ná mar a bheadh i ngnáththréimhsí.
- 31. Agus measúnú á dhéanamh ar ghealltanais leordhóthanach ama comhalta, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus CASPanna an méid seo a leanas ar a laghad a chur san áireamh:

- a. líon na stiúrthóireachtaí in eintitis airgeadais agus i gcuideachtaí eile atá i seilbh an chomhalta sin ag an am céanna, agus aird á tabhairt ar shineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir stiúrthóireachtaí éagsúla, e.g. i gcomhthéacs grúpa, lena n-áirítear agus iad ag gníomhú thar ceann duine dhlítheanaigh nó mar chomhalta malartach den chomhlacht bainistíochta;
 - b. na stiúrthóireachtaí in eagraíochtaí nach saothraíonn cuspóirí tráchtála den chuid is mó atá i seilbh an chomhalta sin ag an am céanna;
 - c. méid, cineál, raon feidhme agus castacht ghníomhaíochtaí an eintitis ina bhfuil stiúrthóireacht ag an gcomhalta agus, go háirithe, cé acu an eintiteas neamh-AE é an t-eintiteas nó nach ea;
 - d. láithreacht gheografach an chomhalta agus an t-am taistil is gá chun an ról a chomhlíonadh;
 - e. líon na gcruinnithe atá sceidealaithe don chomhlacht bainistíochta;
 - f. aon chruinniú is gá atá le tionól, go háirithe, le húdaráis inniúla nó le geallsealbhóirí inmheánacha nó seachtracha eile lasmuigh de sceideal cruinnithe foirmiúil an chomhlachta bainistíochta;
 - g. cineál phost sonracha agus fhreagrachtaí an chomhalta, lena n-áirítear ról shonracha amhail POF, cathaoirleach, nó cathaoirleach nó comhalta de choiste, cé acu atá post feidhmiúcháin nó neamhfheidhmiúcháin ag an gcomhalta nó nach bhfuil, agus an gá atá ag an gcomhalta sin freastal ar chruinnithe sna cuideachtaí a liostaítear i bpointí (a) agus (b) agus san eintiteas airgeadais;
 - h. gníomhaíochtaí gairmiúla nó polaitiúla seachtracha eile, agus aon fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí ábhartha eile, laistigh agus lasmuigh den earnáil airgeadais agus laistigh agus lasmuigh den AE araon;
 - i. an t-ionduchtú agus an oiliúint is gá;
 - j. aon dualgais ábhartha eile de chuid an chomhalta a mheastar a bheith riachtanach a chur san áireamh sa mheasúnú toisc go gcuireann siad iallach ar an gcomhalta am a ghealladh.
32. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus CASPanna ról, dualgais agus cumais riachtanacha na bpost éagsúil laistigh den chomhlacht bainistíochta agus an gealltanais ama a bhfuiltear ag súil leis a theastaíonn do gach post aonair a thaifeadadh, agus an gá atá le ham leordhóthanach a chaitheamh le haghaidh ionduchtúcháin agus oiliúna á chur san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart do CASPanna a thagann faoi aicme 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le MiCA agus d'eisitheoirí ARTanna neamhshuntasacha idirdhealú a dhéanamh idir an gealltanais ama a bhfuiltear ag súil leis idir comhaltaí den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta

agus comhaltaí den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta seachas do na poist aonair laistigh de na feidhmeanna sin.

33. Ba cheart comhalta den chomhlacht bainistíochta a chur ar an eolas faoin ngealltanas ama a bhfuiltear ag súil leis. Féadfaidh eisitheoirí ARTanna agus CASPanna a cheangal ar an gcomhalta doiciméadú a dhéanamh ar an gcumas an t-am riachtanach a chaitheamh ar an ról ar bhealach iomchuí.
34. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus CASPanna faireachán a dhéanamh ar cé acu an ngeallann nó nach ngeallann comhaltaí den chomhlacht bainistíochta am leordhóthanach chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Is táscairí ar ghealltanas ama iad ullmhú do chruinnithe, freastal agus rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhaltaí ar chruinnithe an chomhlachta bainistíochta.
35. Ba cheart tionchar aon neamhláithreachta fadtéarmaí ar chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar ghealltanas leordhóthanach ama chomhaltaí aonair eile den chomhlacht bainistíochta.
36. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus CASPanna taifid a choimeád ar na poist ghairmiúla agus pholaitiúla sheachtracha uile atá ag comhaltaí den chomhlacht bainistíochta. Ba cheart taifid den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta aon uair a thugann comhalta fógra d'eisitheoir ARTanna nó CASP maidir le hathrú agus aon uair a thagann athruithe den sórt sin ar aird eisitheora ARTanna nó CASP ar shlí eile. I gcás ina dtarlaíonn athruithe den sórt sin a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar chumas comhalta den chomhlacht bainistíochta am leordhóthanach a ghealladh chun feidhm na gcomhaltaí a chomhlíonadh, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna nó CASP athmheasúnú a dhéanamh ar chumas an chomhalta am leordhóthanach a chaitheamh ar an bhfeidhm.

C.3. Measúnuithe oiriúnachta ar chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta ag Eisitheoirí ARTanna agus CASPanna

37. Ba cheart an phríomhfhreagracht a bheith ar eisitheoirí ARTanna agus CASPanna as a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 34(2) agus Airteagal 68(1) de MiCA, go bhfuil an comhlacht bainistíochta i dteannta a chéile agus a chomhaltaí ina n-aonar oiriúnach i gcónaí. Ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil eolas, scileanna agus taitní atá iomchuí i dteannta a chéile agus ina n-aonar ag comhaltaí den chomhlacht bainistíochta chun bainistíocht éifeachtach, fhónta agus stuama agus leanúnachas gnó an ghnóilachta a áirithiú agus chun aird leordhóthanach a thabhairt ar leas a gcliant agus ar shláine an mhargaidh.
38. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus CASPanna a áirithiú go bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar chomhaltaí uile den chomhlacht bainistíochta, agus na critéir dá dtagraítear i gCuid C.2.1 á gcur san áireamh, agus go bhfuil siad in ann am leordhóthanach a ghealladh chun a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach i gcónaí agus na critéir i gCuid C.2.4 á gcur san áireamh.

39. Gan dochar d'fhormheas na scairsealbhóirí, ba cheart do chomhlachtaí bainistíochta eisitheoirí ARTanna agus CASPanna beartas oiriúnachta a ghlacadh. Ba cheart go n-áireofaí sa bheartas prionsabail maidir le roghnú, faireachán agus pleanáil chomharbais a chomhaltaí agus maidir le comhaltaí atá ann cheana a athcheapadh agus ba cheart an méid seo a leanas ar a laghad a leagan amach ann:

- a. an próiseas chun comhaltaí den chomhlacht bainistíochta a roghnú, a cheapadh agus a athcheapadh agus maidir lena bpleanáil chomharbais, agus an nós imeachta inmheánach is infheidhme chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na gcomhaltaí, lena n-áirítear an fheidhm inmheánach atá freagrach as tacaíocht a thabhairt don mheasúnú (e.g. acmhainní daonna);
- b. na critéir atá le húsáid sa mheasúnú, ar cheart na critéir oiriúnachta a leagtar amach sna Treoirí seo a áireamh ann;
- c. na critéir maidir le comhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta, lena n-áirítear conas a chuirfear san áireamh gnéithe éagsúlachta i ndáil le hinscne, aois, cúlra oideachais agus gairmiúil agus foinse gheografach comhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus, i gcás inarb infheidhme, conas a chomhlíonfar spriocanna maidir leis an gcothromaíocht iomchuí inscne;
- d. an bealach cumarsáide leis na húdaráis iniúla; agus
- e. conas ba cheart an measúnú agus a thoradh a dhoiciméadú, lena n-áirítear tréimhse choinneála iomchuí a shocrú.

40. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus CASPanna measúnú nó athmheasúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an chomhlachta bainistíochta, agus ar oiriúnacht a chomhaltaí:

- a. nuair a dhéantar iarratas ar údarú sula gcuirtear tús leis na gníomhaíochtaí a bhfuil údarú ag teastáil ina leith;
- b. nuair a tharlaíonn athruithe ábhartha ar chomhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta, lena n-áirítear:
 - i. nuair a bhíonn comhaltaí nua den chomhlacht bainistíochta á gcheapadh, lena n-áirítear i gcomhthéacs d'fháil dhíreach nó indíreach sealúchais cháilithigh nó i gcomhthéacs de mhéadú ar shealúchas cáilitheach in eisitheoir ARTanna nó CASP. Ba cheart an measúnú sin a theorannú do chomhaltaí nuacheaptha agus d'oiriúnacht chomhchoiteann an chomhlachta bainistíochta;
 - ii. agus comhaltaí den chomhlacht bainistíochta á n-athcheapadh, má tá athrú tagtha ar riachtanais an phoist nó má cheaptar an comhalta chuig post eile laistigh den chomhlacht bainistíochta. Ba cheart an measúnú sin a theorannú do na comhaltaí sin a bhfuil athrú tagtha ar a bpost agus don anailís ar na

gnéithe ábhartha, agus aon cheanglas breise maidir leis an bpost agus oiriúnacht chomhchoiteann an chomhlachta bainistíochta á gcur san áireamh;

- c. i gcás inar tharla athruithe ábhartha ar an tsamhail ghnó agus ar na gníomhaíochtaí gnó, ar fhorálacha bunúsacha dlí nó ar theicneolaíochtaí a úsáidtear;
 - d. ar bhonn leanúnach, i bhfianaise aon fhórais nó staidé ábhartha nua. Go háirithe, ba cheart athmheasúnú a dhéanamh sna cásanna seo a leanas:
 - i. nuair atá ábhair imní ann maidir le hoiriúnacht aonair nó chomhchoiteann chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta;
 - ii. i gcás ina bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ar chluí comhalta den chomhlacht bainistíochta, nó ar chluí eisitheora ARTanna nó CASPanna, lena n-áirítear cásanna nach gcomhlíonann comhaltaí beartas an ghnólachta maidir le coinbhleacht leasa;
 - e. i gcás ina bhfuil fórais réasúnacha amhrais ann go ndearnadh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta nó go bhfuil siad á ndéanamh nó go bhfuil iarracht á déanamh ina leith, lena mbaineann eisitheoir ARTanna nó CASP sin, nó i gcás ina bhfuarthas amach go bhfuil a oibleagáidí AML/CFT á sárú aige sa Bhallstát baile nó sa Bhallstát óstach nó i dtríú tír in aon teagmhas a d'fhéadfadh difear ábhartha a dhéanamh ar shlí eile d'oiriúnacht an chomhalta den chomhlacht bainistíochta.
41. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus CASPanna athmheasúnú a dhéanamh ar ghealltanas leordhóthanach ama ag comhalta den chomhlacht bainistíochta má ghlacann an comhalta sin stiúirthóireacht bhreise air nó uirthi féin nó má thosaíonn sé nó sí ar ghníomhaíochtaí ábhartha nua a dhéanamh.
42. I gcás ina ndéantar athmheasúnuithe ar an oiriúnacht chomhchoiteann, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna agus CASPanna a measúnú a dhíriú ar na hathruithe ábhartha ar a samhail ghnó agus ar a ngníomhaíochtaí gnó, ar a straitéisí, ar a mbonneagair theicniúla, agus ar a bpróifíl riosca agus ar dháileadh dualgas laistigh den chomhlacht bainistíochta agus ar a n-éifeacht ar eolas comhchoiteann, ar scileanna comhchoiteanna agus ar thaithí chomhchoiteann is gá an chomhlachta bainistíochta.
43. Agus measúnú á dhéanamh ar eolas, scileanna agus taithí iomchuí comhalta, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna nó CASPanna, laistigh den tréimhse ama chéanna, measúnú a dhéanamh freisin ar oiriúnacht chomhchoiteann an chomhlachta bainistíochta. Go háirithe, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an eolas, na scileanna agus an taithí a thugann an duine aonair don rud comhchoiteann nó, i gcás comhalta a d'fhág an comhlacht bainistíochta, ar an eolas agus an taithí a d'fhéadfadh a bheith in easnamh, tar éis athrú ar chomhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta.

44. Ba cheart measúnuithe eolais, scileanna agus taithí chomhaltaí aonair den chomhlacht bainistíochta agus den chomhlacht comhbhainistíochta a dhéanamh sula gceapfar na comhaltaí aonair. I gcás inarb infheidhme, ba cheart don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta a bheith freagrach as an measúnú deiridh a dhéanamh.
45. De mhaolú ar mhír 44, féadfar na measúnuithe oiriúnachta a dhéanamh, gan dochar don dlí náisiúnta, a luaithe is indéanta ach in aon chás laistigh de mhí amháin ó cheapadh an chomhalta den chomhlacht bainistíochta, in aon cheann de na cásanna seo a leanas a bhfuil údar cuí tugtha ag eisitheoir ARTanna nó CASP ina leith:
- Ainmneoidh agus ceapfaidh scairshealbhóirí, úinéirí nó comhaltaí eisitheora ARTanna nó CASP comhaltaí den chomhlacht bainistíochta ag cruinniú an scairshealbhóra nó ag cruinniú coibhéiseach nach bhfuil molta ag eisitheoir ARTanna nó ag CASP nó ag a gcomhlacht bainistíochta;
 - le measúnú oiriúnachta aonair iomlán sula gceapfaí comhalta aonair nó an measúnú oiriúnachta comhchoiteann tar éis athrú ar chomhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta, chuirfí isteach ar fheidhmiú fóna an chomhlachta bainistíochta, lena n-áirítear mar thoradh ar na cásanna seo a leanas:
 - i gcás ina dtagann an gá le comhaltaí a ionadú chun cinn go tobann nó gan choinne, e.g. bás nó míchumas comhalta; agus
 - i gcás inar ghá comhalta a bhaint as an bpost toisc nach raibh an comhalta oiriúnach a thuilleadh.
46. Ba cheart gach ábhar atá ábhartha do na measúnuithe agus atá ar fáil dóibh a chur san áireamh sa mheasúnú ar eolas, scileanna agus taithí iomchuí. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna nó CASPanna eolas, scileanna agus taithí chomhalta aonair den chomhlacht bainistíochta a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar eolas, scileanna agus taithí chomhchoiteann leordhóthanach an chomhlachta bainistíochta agus a mhalairt.
47. Ba cheart d'eisitheoir ARTanna nó do CASP torthaí a measúnaithe a dhoiciméadú, agus go háirithe aon laigí arna sainithint idir eolas agus taithí chomhchoiteann riachtanach agus iarbhír chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta, agus bearta atá le déanamh chun na heasnaimh sin a shárú, lena n-áirítear ionduchtú nó oiliúint atá le cur ar fáil.
48. Chun an mhaoirseacht leanúnach iomchuí a áirithiú, ba cheart d'eisitheoir ARTanna agus do CASP an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi cheapadh beartaithe na gcomhaltaí nó gan moill mhíchuí tar éis cheapadh na gcomhaltaí.
49. I gcás ina ndéanfaidh údaráis inniúla an measúnú freisin chun críocha maoirseachta, leanfar an fhreagracht chun oiriúnacht an chomhlachta bainistíochta a mheasúnú agus a áirithiú de bheith ag eisitheoir ARTanna nó ag CASP.

C.3.1 Measúnú a dhéanann CASPanna agus eisitheoirí ARTanna ar oiriúnacht aonair chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta

50. Mar chuid den mheasúnú ar oiriúnacht an chomhlachta bainistíochta, ba cheart d’eisitheoir ARTanna nó do CASP measúnú a dhéanamh ar eolas, scileanna agus taithí na gcomhaltaí aonair. Chun na críche sin, ba cheart d’eisitheoir ART nó do CASP an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. faisnéis a bhailiú trí bhealaí agus ionstraimí éagsúla (e.g. dioplómaí agus teastais, litreacha molta, curricula vitae, agallaimh, ceistneoirí);
- b. a cheangal ar an duine aonair a ndearnadh measúnú air nó uirthi faisnéis chruinn a sholáthar agus cruthúnas ar an bhfaisnéis sin a sholáthar, i gcás inar gá;
- c. cruinneas na faisnéise a thug an duine a ndearnadh measúnú air nó uirthi a bhailíochtú, a mhéid is féidir;
- d. i gcás inarb infheidhme, meastóireacht a dhéanamh laistigh den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta ar thorthaí an mheasúnaithe; agus
- e. i gcás inar gá, na bearta ceartaitheacha is gá a shainaitheint.

51. Ba cheart d’eisitheoir ARTanna nó do CASP tuairisc a dhoiciméadú ar phost an chomhalta a ndearnadh measúnú ina leith, lena n-áirítear ról an phoist sin laistigh d’eisitheoir ARTanna nó do CASP agus ba cheart dó torthaí an mheasúnaithe a shonrú i ndáil le heolas, scileanna agus taithí agus torthaí an mheasúnaithe ar dhea-cháil agus ar an ngealltanas ama a rinneadh i gcomhréir leis na Treoirí seo.

C.3.2 Measúnú ar oiriúnacht chomhchoiteann chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta ag CASPanna agus ag eisitheoirí ARTanna

52. I gcás inarb infheidhme, agus measúnú á dhéanamh ar an eolas, ar na scileanna agus ar an taithí iomchuí chomhchoiteann, ba cheart d’eisitheoir ARTanna nó do CASP measúnú ar leithligh a dhéanamh ar chomhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta ina fheidhmeanna bainistíochta agus, i gcás inarb infheidhme, ina fheidhmeanna maoirseachta.

53. Leis an measúnú ar an eolas, ar na scileanna agus ar an taithí chomhchoiteann iomchuí, ba cheart go mbeadh comparáid ann idir eolas, scileanna agus taithí iomchuí an chomhlachta bainistíochta a theastaíonn chun na gníomhaíochtaí gnó uile a dhéanamh, lena n-áirítear a ngnéithe eagraíochtúla agus a mbunphróisis, agus eolas comhchoiteann iarbhír agus taithí chomhchoiteann iarbhír an chomhlachta bainistíochta.

54. Agus measúnú á dhéanamh ar eolas, ar scileanna agus ar thaithí chomhchoiteann iomchuí an chomhlachta bainistíochta, ba cheart d’eisitheoir ARTanna nó do CASP measúnú a dhéanamh ar gach ball aonair ar dtús, na torthaí a mhapáil ar na gníomhaíochtaí gnó agus a shuíomh go bhfuil eolas, scileanna agus taithí leordhóthanach ag an gcomhlacht bainistíochta i dteannta a

chéile i ndáil le gach gníomhaíocht den sórt sin chun feidhmiú éifeachtach an chomhlachta bainistíochta a áirithiú.

55. Ba cheart a áirithiú le comhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta go mbeidh plé, dúshlán agus maoirseacht iomchuí i gceist leis na próisis chinnteoireachta chomhchoiteanna. Chun na críche sin, ba cheart go mbeadh líon leordhóthanach comhaltaí ann a bhfuil eolas acu i ngach réimse chun gur féidir cinntí a phlé.
56. Ba cheart d'eisitheoir ARTanna nó do CASP measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht chomhchoiteann an chomhlachta bainistíochta maidir lena ndualgais a chomhlíonadh faoi MiCA agus na torthaí a dhoiciméadú trí úsáid a bhaint as ceachtar díobh seo a leanas:
 - a. An teimpléad maitrise oiriúnachta a áirítear in Iarscríbhinn I mar bhonn agus é á oiriúnú agus na critéir a dtugtar tuairisc orthu i gCuid C.1 á gcur san áireamh; nó
 - b. a modheolaíocht iomchuí féin i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna Treoirlínte seo.

C.4. Bearta ceartaitheacha eisitheoirí ARTanna nó CASPanna

57. Más é conclúid mheasúnú nó athmheasúnú eisitheora ARTanna nó CASP nach bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an taithí leordhóthanach ag an gcomhlacht bainistíochta nó ag comhalta den chomhlacht bainistíochta, nó nach féidir leo am leordhóthanach a ghealladh, ba cheart d'eisitheoir ARTanna nó do CASP bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh go tráthúil.
58. I gcás nach bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar comhalta den chomhlacht bainistíochta, níor cheart an comhalta a cheapadh, ba cheart duine eile a chur ina ionad/ina hionad nó níor cheart cead a thabhairt dó/di an post a fhorghníomhú.
59. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar bhearta ceartaitheacha iomchuí, ach gan a bheith teoranta dóibh: freagrachtaí idir comhaltaí a choigeartú; comhaltaí áirithe a ionadú; comhaltaí breise a earcú; oiliúint a chur ar comhaltaí aonair; nó oiliúint don chomhlacht bainistíochta i dteannta a chéile chun a áirithiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an taithí chomhchoiteann iomchuí aige.
60. Má shaináithnítear le measúnú nó athmheasúnú eisitheora ARTanna nó CASP easnaimh is féidir a leigheas go héasca maidir le heolas, scileanna agus taithí leordhóthanach nó an cumas ag an gcomhlacht bainistíochta nó ag comhalta den chomhlacht bainistíochta am leordhóthanach a ghealladh, ba cheart d'eisitheoir ARTanna nó do CASP bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh chun na heasnaimh sin a shárú go tráthúil.
61. In aon chás, ba cheart na húdaráis inniúla a chur ar an eolas gan mhoill faoi aon easnaimh ábhartha a shaináithnítear maidir le haon cheann de chomhaltaí an orgáin bainistíochta agus

maidir le comhdhéanamh comhchoiteann an chomhlachta bainistíochta. Ba cheart a áireamh ar an bhfaisnéis sin na bearta a rinneadh nó atá beartaithe chun na heasnamh sin a leigheas agus an amlíne maidir lena gcur chun feidhme.

C.5. Measúnú oiriúnachta ag údaráis inniúla

62. Ba cheart d'údaráis inniúla na nósanna imeachta maoirseachta is infheidhme maidir le measúnú oiriúnachta chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta eisitheoirí ARTanna agus CASPanna a shonrú. Agus na nósanna imeachta maoirseachta á sonrú acu, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas go bhféadfadh sé, mar thoradh ar mheasúnú oiriúnachta a dhéantar tar éis don chomhalta dul i mbun a phoist nó a poist, gur gá comhalta neamhoiriúnach a bhaint den chomhlacht bainistíochta nó go bhféadfadh sé tarlú nach mbeadh an comhlacht bainistíochta oiriúnach a thuilleadh.
63. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil tuairisc ar na nósanna imeachta measúnaithe sin ar fáil go poiblí. Ba cheart a áirithiú leis na nósanna imeachta maoirseachta go ndéanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar chomhaltaí nuacheaptha den chomhlacht bainistíochta agus ar an gcomhlacht bainistíochta mar chomhlacht comhchoiteann. Ba cheart a áirithiú leis na nósanna imeachta maoirseachta freisin go ndéanfaidh an t-údarás inniúil athmheasúnú ar chomhaltaí athcheaptha den chomhlacht bainistíochta i gcomhréir leis na Treoirí seo, i gcás inar gá athmheasúnú a dhéanamh mar gheall ar athrú ar an bhfaisnéis is gá nó ar an bpost atá ag an gcomhalta athcheaptha.
64. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfidh a nósanna imeachta maoirseachta ar a gcumas aghaidh a thabhairt go tráthúil ar chásanna neamhchomhlíonta maidir leis na ceanglais rialála ábhartha.
65. Ba cheart d'údaráis inniúla ceangal a chur ar eisitheoirí ARTanna agus ar CASPanna iad a chur ar an eolas gan mhoill maidir le haon fholúntais laistigh den chomhlacht bainistíochta. Ba cheart d'údaráis inniúla a dhéanann measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta roimh an gceapachán a cheangal ar eisitheoir ARTanna nó ar CASP fógra a thabhairt dóibh gan moill mhíchúí tar éis don ghnólacht cinneadh a dhéanamh an comhalta a mholadh lena cheapadh. Ba cheart d'údaráis inniúla a dhéanann measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta tar éis an cheapacháin a cheangal ar eisitheoir ARTanna nó ar CASP fógra a thabhairt faoin gceapachán dhá sheachtain ar a dhéanaí tar éis an cheapacháin. Ba cheart an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 70 a áireamh san fhógra sin.
66. Sna cásanna a bhfuil údar cuí leo dá dtagraítear i mír 45, ba cheart a cheangal ar eisitheoirí ARTanna agus ar CASP an doiciméadacht iomlán a cheanglaítear faoi mhír 70 a sholáthar don údarás inniúil laistigh de mhí amháin ó cheapachán an chomhalta.
67. Ba cheart d'údaráis inniúla uastréimhse a leagan amach dá measúnú oiriúnachta, uastréimhse nár cheart a bheith níos faide ná ceithre mhí ón dáta ar a dtabharfaidh eisitheoir na ARTanna nó na CASPanna fógra faoin gceapachán beartaithe nó iarbhír.

68. I gcás ina suíonn údarás inniúil go bhfuil gá le faisnéis de bhreis ar an méid a cheanglaítear faoi mhír 70 chun an measúnú a thabhairt chun críche, féadfar an tréimhse a leagtar síos faoi mhír 67 a chur ar fionraí ón tráth a n-iarrann an t-údarás inniúil faisnéis bhreise go dtí go bhfaighfear í.
69. Ba cheart d'údarás inniúla a measúnú a dhéanamh ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn eisitheoir ARTanna agus CASPanna agus comhaltaí measúnaithe agus ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh orthu i gcoinne na gcoincheap a shainítear sna Treoirí seo, de réir mar is infheidhme.
70. Ba cheart d'údarás inniúla a cheangal ar eisitheoirí ARTanna agus ar CASPanna an fhaisnéis agus an doiciméadacht is gá chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht chomhalta den chomhlacht bainistíochta a thíolacadh, lena n-áirítear an fhaisnéis agus an doiciméadacht a theastaíonn don mheasúnú oiriúnachta ar údarú mar atá sonraithe sa Rialachán Tarmlichte ón gCoimisiún faoi Airteagal 18(6) de MiCA maidir le cur i bhfeidhm mhír (2)(i) den Airteagal seo i gcás eisitheora ARTanna agus atá sainordaithe faoi Airteagal 62(5) den Rialachán sin maidir le cur i bhfeidhm mhír (2)(g) den Airteagal seo i gcás CASP, ina bhfuil cruthúnas go bhfuil dea-cháil leordhóthanach ag na comhaltaí, agus eolas, scileanna agus taithí aonair agus chomhchoiteann na gcomhaltaí agus an chomhlachta bainistíochta, chomh maith leis an gcumas am leordhóthanach a ghealladh.
71. I gcás inarb iomchuí maidir le cur chuige rioscabhunaithe agus i gcás eisitheoirí ARTanna suntasacha, ba cheart d'údarás inniúla agallaimh a úsáid freisin chun críocha measúnuithe ar oiriúnacht.
72. Ba cheart don údarás inniúil an measúnú ar oiriúnacht aonair agus chomhchoiteann chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta a dhéanamh ar bhonn leanúnach, mar chuid dá ngníomhaíochtaí maoirseachta leanúnacha.
73. Féadfaidh údarás inniúla freastal ar chruinnithe le heisitheoir ARTanna nó le CASP, nó cruinnithe a reáchtáil leo, lena n-áirítear le roinnt comhaltaí dá chomhlacht bainistíochta nó leo go léir, nó páirt a ghlacadh mar bhreathnóir i gcruinnithe an chomhlachta bainistíochta chun measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmiú éifeachtach. Ba cheart minicíocht na gcruinnithe sin a shocrú trí chur chuige rioscabhunaithe a úsáid.
74. Ba cheart d'údarás inniúla a áirithiú go ndéanfaidh eisitheoirí ARTanna agus CASPanna na hathmheasúnuithe is gá faoi chodanna C.3, C.3.1 agus C.3.2. Má spreagann athmheasúnú ag eisitheoir ARTanna nó ag CAPS athmheasúnú ar oiriúnacht ag údarás inniúil, ba cheart don údarás inniúil sin na himthosca a spreag an t-athmheasúnú agus a thionchar ar oiriúnacht aonair agus chomhchoiteann an chomhlachta bainistíochta a chur san áireamh.

C.6. Cinneadh an údarás inniúil

75. Ba cheart d'údarás inniúla cinneadh a dhéanamh bunaithe ar mheasúnú ar oiriúnacht aonair agus chomhchoiteann chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta laistigh den uastréimhse dá

dtagraítear i mír 67 nó, más rud é gur cuireadh an tréimhse ar fionraí dá dtagraítear i mír 68, laistigh den uastréimhse sé mhí.

76. I gcás ina mbainfear de thátal as toradh an mheasúnaithe ar oiriúnacht arna dhéanamh ag an údarás inniúil nach bhfuil sé cruthaithe go leordhóthanach go bhfuil an duine a ndearnadh measúnú air nó uirthi oiriúnach, lena n-áirítear i gcásanna nach leor an fhaisnéis a sholáthraítear chun an measúnú a thabhairt chun críche, ba cheart don údarás inniúil agóid a dhéanamh i gcoinne cheapadh an duine sin nó gan é a fhorhmeas, mura rud é go bhfuil na heasnamh a sainaitníodh inleigheasta agus gur féidir iad a shárú trí bhearta eile arna ndéanamh ag eisitheoir ARTanna nó ag CASP.
77. I gcás nach gcuireann eisitheoir ARTanna nó CASP faisnéis leordhóthanach ar fáil don údarás inniúil maidir le hoiriúnacht duine aonair a ndearnadh measúnú air nó uirthi, ba cheart don údarás inniúil an gnólacht a chur ar an eolas nach féidir leis an gcomhalta a bheith ina chomhalta den chomhlacht bainistíochta toisc nár cruthaíodh go leordhóthanach go bhfuil an duine oiriúnach nó gur chinn sé go diúltach.
78. I gcás ina sainaitnítear easnamh maidir le heolas, scileanna nó taithí aonair nó chomhchoiteann chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta, ba cheart don údarás inniúil, agus na bearta atá déanta cheana ag eisitheoir ARTanna nó ag CASP á gcur san áireamh, bearta iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh shainaitheanta agus amlíne a leagan síos chun na bearta sin a chur chun feidhme. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin, de réir mar is iomchuí, ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:
- ceangal a chur ar eisitheoir ARTanna nó ar CASP oiliúint shonrach a eagrú do chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta ina n-aonar nó i dteannta a chéile;
 - ceangal a chur ar eisitheoir ARTanna nó ar CASP roinnt na gcúraimí i measc chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta a athrú;
 - ceangal a chur ar eisitheoir ARTanna nó ar CASP diúltú don chomhalta beartaithe nó comhaltaí eile a chur in ionad comhaltaí áirithe;
 - ceangal a chur ar eisitheoir ARTanna nó ar CASP comhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta a athrú chun oiriúnacht aonair agus chomhchoiteann an chomhlachta bainistíochta a áirithiú;
 - an comhalta a bhaint de chomhlacht bainistíochta an eisitheora ARTanna nó de CASP;
 - i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin nó bearta riaracháin eile a fhorchur (e.g. oibleagáidí, moltaí nó coinníollacha sonracha a leagan amach), lena n-áirítear an t-údarú a tharraingt siar ar deireadh.

Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, le sealúchais cháilitheacha in eistheoirí ARTanna nó CASPanna

D. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010⁷ agus de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010⁸. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus de Rialachán (AE) 1095/2010, déanfaidh údarás inniúla, rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus institiúidí airgeadais gach iarracht na treoirlínte seo a chomhlíonadh. Leagtar amach sna treoirlínte sin cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais agus maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm.
2. Ba cheart d'údarás inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1), pointe (35)(a), de MiCA a bhfuil feidhm ag treoirlínte maidir leo iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcleachtais de réir mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus ar institiúidí airgeadais.

Ceanglais tuairiscithe

3. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte sin ar shuíomhanna gréasáin ÚBE agus ESMA i dteangacha oifigiúla uile an AE, de réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus de Rialachán (AE) 1095/2010, ní mór d'údarás inniúla fógra a thabhairt do ÚBE nó do ESMA maidir le cé acu (i) an gcomhlíonann siad na treoirlínte, (ii) nach gcomhlíonann siad

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

na treoirlínte, ach go bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach gcomhlíonann siad na treoirlínte sin agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh. I gcás neamhchomhlíonta, ní mór d'údarás inniúla fógra a thabhairt freisin do ESMA nó do ÚBE laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte seo ar shuíomhanna gréasáin ESMA agus ÚBE i dteangacha oifigiúla uile an AE maidir leis na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte seo a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíontachta a thuairisciú freisin do ÚBE nó do ESMA.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar shuíomh gréasáin ESMA, i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar

5. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, leagtar síos sna Treoirínte Comhpháirteacha seo an mhodheolaíocht ba cheart d'údaráis inniúla a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na himthosca is cúis le sealúchais cháilitheacha (Cuid D.1 de na Treoirínte).
6. Leagtar síos sna Treoirínte Comhpháirteacha sin an mhodheolaíocht ba cheart d'údaráis inniúla a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an scairshealbhóra nó an chomhalta a bhfuil sealúchais cháilitheacha aige nó aici, bíodh siad díreach nó indíreach (Cuid F.2 de na Treoirínte):
 - a) in eistheoir is iarratasóir atá ag lorg údarú faoi Airteagal 18 de MiCA, i gcomhréir leis an sainordú a leagtar amach in Airteagal 21(3) den Rialachán sin;
 - b) in CASP is iarratasóir atá ag lorg údarú faoi Airteagal 62 de MiCA, i gcomhréir leis an sainordú a leagtar amach in Airteagal 63(11) den Rialachán sin.
7. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, leagtar síos sna Treoirínte Comhpháirteacha seo an mhodheolaíocht ba cheart d'údaráis inniúla a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht faighteora bheartaithe sealúchais cáilitheach díreach nó indíreach (Cuid D.3 de na Treoirínte):
 - a) in eistheoir ARTanna arna údarú faoi Airteagal 21 de MiCA, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 42(1), pointí (a) go (e) den Rialachán sin;
 - b) in CASP arna údarú faoi Airteagal 63 den Rialachán sin, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 84(1), pointí (a) go (e) den Rialachán sin.

Raon feidhme

8. I gcomhréir le hAirteagal 18(2), pointe (j) nó Airteagal 62(2)(h) de MiCA, i gcás iarratas ar údarú mar eistheoir ARTanna nó mar CASP, baineann measúnú ar na faighteoirí beartaithe le deacháil leordhóthanach na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu.
9. I gcomhréir le hAirteagail 42(1) agus 84(1) de MiCA, i gcás eistheora ART nó CASP arna údarú faoi Airteagail 21 nó 63 den Rialachán sin, baineann an measúnú ar na faighteoirí beartaithe le hoiriúnacht, bunaithe ar na cúig chritéir measúnaithe a leagtar amach iontu, na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu.
10. Níl feidhm ag na treoirínte seo maidir le heistheoirí ARTanna nó le CASPanna arna n-údarú mar institiúidí creidmheasa faoi Threoir 2013/36/AE. Thairis sin, ní bheidh CASPanna ar eintitis

airgeadais iad a liostaítear in Airteagal 60 agus a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní mar chuid dá n-údarú i gcomhréir le míreanna (2) go (6) d’Airteagal 60 de MiCA faoi réir Airteagail 63 agus 84 ach beidh siad fós faoi réir fhorálacha Airteagal 68(2).

Seolaithe

11. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1), pointe (35)(a) de MiCA.

Sainmhínithe

12. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear in MiCA sna Treoirlínte Comhpháirteacha seo. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas, lena n-áirítear chun crostagairt a dhéanamh do Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEanna maidir le QH:

Faighteoir beartaithe	Ciallaíonn sé duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sé beartaithe aige nó aici, ina aonar/ina haonar nó ag gníomhú i gcomhar le duine nó le daoine eile, sealúchas cáilitheach a fháil nó a mhéadú, go díreach nó go hindíreach, i spriocghnóthas ar eisitheoir ART é arna údarú faoi Airteagal 21 de MiCA nó CASP arna údarú faoi Airteagal 63 den Rialachán sin, nó scairshealbhóir nó comhalta, a bhfuil sealúchas cáilitheach aige nó aici, go díreach nó go hindíreach, ina aonar/ina haonar nó ag gníomhú i gcomhar le duine nó le daoine eile, in eisitheoir ART is iarratasóir atá ag iarraidh údarú i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán sin nó in CASP is iarratasóir atá ag iarraidh údarú i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán sin
Treoracha nó Rialacháin Eanála	Ciallaíonn sé MiCA
Scairshealbhóir nó comhalta	Ciallaíonn sé duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil scaireanna sa spriocghnóthas acu nó, ag brath ar fhoirm dhlíthiúil institiúide, úinéirí nó comhaltaí eile den spriocghnóthas
Sprioc-mhaoirseoir	Ciallaíonn sé an t-údarás inniúil, mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(1), pointe (35)(a) de MiCA, atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an sprioc-ghnóthas
Sprioc-ghnóthas	Ciallaíonn sé: <ul style="list-style-type: none"> - eisitheoir is iarratasóir atá a dhéanann iarratas ar údarú faoi Airteagal 18 de MiCA nó

	<ul style="list-style-type: none"> - eitheoir ARTanna arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán sin; nó - CASP is iarratasóir a dhéanann iarratas ar údarú faoi Airteagal 62 de MiCA; nó - CASP, arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 63 de MiCA.
Treoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH	Ciallaíonn sé Treoirlínte Comhpháirteacha ÚEÁPC, ÚBE agus ESMA maidir leis an measúnú stuamachta ar éadálacha agus ar mhéaduithe ar shealúchais cháilitheacha san earnáil airgeadais an 16 Nollaig 2016 (JC/GL/2016/01).

E. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

13. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo ón 04/02/2025.

F. Treoirlínte Comhpháirteacha

F.1. Ag gníomhú i gcomhar, tionchar suntasach, scairshealbhóirí indíreacha, cinneadh chun fáil

14. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh cé acu an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar na himthosca is cúis le héadáil bheartaithe sealúchais cháilitheach i spriocghnóthas, sula ndéantar measúnú ar oiriúnacht an fhaighteora bheartaithe.
15. Chun na gcríoch sin, ba cheart d'údaráis inniúla an mhodheolaíocht mheasúnaithe a leagtar amach i dTreoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH a chur i bhfeidhm, eadhon i dTeideal II, Caibidil 1, Cuid 4 maidir le Gníomhú i gcomhar, Cuid 5 maidir le tionchar Suntasach, Cuid 6 maidir le héadálacha indíreacha sealúchais cáilitheach, Cuid 7 maidir le Cinneadh chun Fáil.

F.2. Measúnú ar oiriúnacht scairshealbhóirí nó comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu ar údarú

16. De bhun Airteagal 21(2), pointe (c) nó Airteagal 63(10), pointe (c) de MiCA, déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú i dtaobh an bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar an bhfaighteoir beartaithe a bhfuil sealúchais cháilitheacha aige nó aici i ngnóthas a dhéanann iarratas ar údarú faoi Airteagal 18 nó ar údarú faoi Airteagal 62 den Rialachán sin dá dtagraítear in Airteagal 34(4) agus in Airteagal 68(2) den Rialachán (AE) sin. Ba cheart an measúnú sin a bhunú ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 42(1) nó in Airteagal 84(1), pointe (a), maidir le clú an fhaighteora

bheartaithe agus maidir le pointe (e), in éagmais foras réasúnach chun bheith in amhras go bhfuil ML/TF á ndéanamh nó go bhfuil iarracht á déanamh ina leith, de MiCA.

17. Chun measúnú a dhéanamh ar chlú an fhaighteora bheartaithe, ba cheart d'údaráis inniúla tagairt a dhéanamh dá measúnú ar an bhfaisnéis a leagtar amach sna Rialacháin Tharmhligthe ón gCoimisiún arna nglacadh de bhun Airteagal 18(6) de MiCA i gcás eisitheora ARTanna agus Airteagal 62(5) den Rialachán sin i gcás CASPanna agus ba cheart dóibh an mhodheolaíocht a chur i bhfeidhm a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 3, Cuid 10 de Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH, maidir le Clú an fhaighteora bheartaithe – an chéad chritéar measúnaithe, de réir mar is infheidhme.
18. Chun measúnú a dhéanamh ar an easpa foras réasúnach chun bheith in amhras go bhfuil ML/TF á ndéanamh nó go bhfuil iarracht á déanamh ina leith, ba cheart d'údaráis inniúla an mhodheolaíocht a chur i bhfeidhm a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 3, Cuid 14 de Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH, maidir le hAmhras go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta á dhéanamh ag an bhfaighteoir beartaithe – an cúigiú critéar measúnaithe. Thairis sin, ba cheart d'údaráis inniúla mír 28 de na Treoirlínte Comhpháirteacha seo a chur i bhfeidhm aon uair is criptea-shócmhainní iad na cistí chun sealúchais cháilitheacha a fháil nó aon uair a dhíorthaíonn siad ó chriptea-shócmhainní a mhalartú ar airgeadra fiat.
19. Chun críocha an mheasúnaithe ar na gnéithe de dhea-cháil leordhóthanach a bhaineann le hinniúlachtaí gairmiúla an fhaighteora bheartaithe, ba cheart d'údaráis inniúla comhréireacht a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 8.3 de chuid 8 de Threoirlínte ÚMEnna maidir le QH, maidir le Comhréireacht.

F.3. Measúnú ar oiriúnacht faighteora bheartaithe sealúchais cháilithigh i gcomhréir le hAirteagail 42(1) nó 84(1) de MiCA

20. Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a rinne nó nach ndearna duine nádúrtha nó dlítheanach an cinneadh chun fáil, ba cheart d'údaráis inniúla Cuid 7 de Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH ar Chinneadh chun fáil.
21. Ní mór d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht faighteoirí beartaithe sealúchas cáilitheach díreach nó indíreach in eisitheoir ARTanna arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 21 de MiCA nó in CASP arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 63 den Rialachán sin, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 42(1) nó d'Airteagal 84(1) den Rialachán sin faoi seach.
22. Chun measúnú a dhéanamh ar an gcritéar a leagtar amach in Airteagal 42(1), pointe (a) nó in Airteagal 84(1), pointe (a) de MiCA maidir le clú an fhaighteora bheartaithe, ba cheart d'údaráis inniúla tagairt a dhéanamh dá measúnú don fhaisnéis a leagtar amach sna Rialacháin Tharmhligthe ón gCoimisiún arna nglacadh de bhun Airteagail 42(4) de MiCA i gcás eisitheora

ARTanna agus d'Airteagal 84(4) den Rialachán sin i gcás CASPanna agus ba cheart dóibh an mhodheolaíocht a chur i bhfeidhm a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 3, Cuid 10 de Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH, maidir le Clú an fhaighteora bheartaithe – an chéad chritéar measúnaithe, de réir mar is infheidhme.

23. Chun measúnú a dhéanamh ar an gcritéar a leagtar amach in Airteagal 42(1), pointe (b) nó in Airteagal 84(1), pointe (b) de MiCA, a bhaineann le clú, eolas, scileanna agus taithí aon duine a stiúrfaidh gnó an spriocghnóthais, ba cheart d'údaráis inniúla an mhodheolaíocht mheasúnaithe a chur i bhfeidhm a leagtar síos i dTreoirlínte Comhpháirteacha ÚBE agus ESMA maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltáí den chomhlacht bainistíochta eisitheoirí ARTanna nó CASPanna.
24. Chun measúnú a dhéanamh ar an gcritéar a leagtar amach in Airteagal 42(1), pointe (c) nó in Airteagal 84(1), pointe (c) de MiCA, ba cheart d'údaráis inniúla an mhodheolaíocht a chur i bhfeidhm a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 3, Cuid 12 de Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH, maidir le fíntacht Airgeadais an fhaighteora bheartaithe – an tríú critéar measúnaithe.
25. Chun measúnú a dhéanamh ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 42(1), pointe (d), a bhaineann le comhlíonadh leanúnach na gceanglas a leagtar amach i dTeideal III de MiCA, nó in Airteagal 84(1), pointe (d) a bhaineann le comhlíonadh leanúnach na gceanglas a leagtar amach i dTeideal V den Rialachán sin, nuair a bhaineann sé le ceanglas stuamachta, ba cheart d'údaráis inniúla an mhodheolaíocht a chur i bhfeidhm a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 3, Cuid 13 de Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH, maidir le ceanglais stuamachta na spriocghnóthas leis an gceanglas sin a chomhlíonadh .
26. Maidir le heisitheoirí ARTanna go sonrach, áirítear i gcomhlíonadh leanúnach na gceanglas stuamachta maidir le leachtacht na ceanglais a bhaineann le comhdhéanamh, bainistiú, infheistíocht, leithscaradh agus cumhdach an chúlchiste sócmhainní, d'fhonn freastal ar aon iarraidh ar fhuascailt a d'fhéadfadh sealbhóirí an chomhartha a dhéanamh.
27. Chun measúnú a dhéanamh ar an gcritéar a leagtar amach in Airteagal 42(1), pointe (e), nó in Airteagal 84(1), pointe (e) de MiCA faoi seach, ba cheart d'údaráis inniúla an mhodheolaíocht a chur i bhfeidhm a leagtar amach i dTeideal II, Caibidil 3, Cuid 14 de Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH, maidir le hAmhras a bheith ar an bhfaighteoir beartaithe faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta – an cúigiú critéar measúnaithe.
28. Aon uair is éard atá sna cistí chun na sealúchais cháilitheacha a fháil ná criptea-shócmhainní nó aon uair a eascraíonn siad ó mhalartú criptea-shócmhainní in airgeadra fiat, ba cheart d'údaráis inniúla, i dteannta chur i bhfeidhm na modheolaíochta measúnaithe a leagtar síos i dTeideal II, Caibidil 3, Cuid 14 de Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH, maidir le hamhras faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, an méid seo a leanas a shainiú freisin:

- a. an seoladh mórleabhair dháilte a úsáideann an faighteoir beartaithe, i gcás ina bhfuil aistriú criptea-shócmhainní cláraithe ar líonra ina n-úsáidtear teicneolaíocht mórleabhair dháilte nó a leithéid, agus uimhir an chuntais chriptea-shócmhainní a úsáideann an faighteoir beartaithe, i gcás inarb ann do chuntas den sórt sin agus ina n-úsáidtear é chun an t-idirbheart a phróiseáil;
 - b. uimhir an chuntais chriptea-shócmhainní a úsáideann an faighteoir beartaithe, i gcás nach bhfuil aistriú criptea-shócmhainní cláraithe ar líonra ina n-úsáidtear teicneolaíocht mórleabhair dháilte nó a leithéid;
 - c. i gcás nach bhfuil aistriú criptea-shócmhainní cláraithe ar líonra ina n-úsáidtear teicneolaíocht mórleabhair dháilte nó teicneolaíocht chomhchosúil agus nach ndéantar é ó chuntas criptea-shócmhainní ná chuig cuntas criptea-shócmhainní, aitheantóir idirbhirt uathúil; agus
 - d. soláthraí nó soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní na bpáirtithe san idirbheart, de réir mar is infheidhme.
29. Ba cheart do na sprioc-mhaoirseoirí prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm ina measúnú i gcomhréir le Cuid 8 maidir le Comhréireacht Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEanna maidir le QH i gcás faighteoirí beartaithe in eisitheoir ART arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 21 de MiCA, nó in CASP arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 63 den Rialachán sin.
30. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an bhfaighteoir beartaithe sealúchas cáilitheach a fháil i spriocghnóthas ar eisitheoir ARTanna é arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 21 de MiCA nó in CASP arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 63 den Rialachán sin, ba cheart do sprioc-mhaoirseoirí Teideal II, Caibidil 2, Cuid 9, míreanna 9.1 go 9.3 de Threoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir le QH a chur i bhfeidhm maidir leis an nós imeachta is infheidhme maidir leis an bhfógra a chuir an faighteoir beartaithe isteach.

Iarscríbhinn I – Teimpléad le haghaidh mairíse chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht chomhchoiteann chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta

Cuirtear Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Treoirínte ar fáil mar chomhad Excel ar leith.